# Comhordanáidí 2: Longa Cogaidh

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ar chlé, ar dheis, suas, síos, x-ais, y-ais, pointe, greille, ceathrú, comhordanáid |
| **Áiseanna** | páipéar cearnógach, pinn luaidhe, rialóirí, Uirlis Sórtála Mol Mata (greille), cluiche Mol Mata ar líne |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht

Ina mbeirteanna agus comhordanáidí sa chéad cheathrú in úsáid acu, cruthaíonn daltaí cluiche 'Longa Cogaidh' dá chéile. Cuireann siad na línte difriúla le longa ag pointí difriúla ar an ghreille a léiriú. Cruthaíonn siad critéir nó rialacha dá gcluiche, ag míniú na línte difriúla is féidir a úsáid, fad agus cá mhéad uair atá orthu an long a bhualadh sula ndíbrítear é ón ghreille. Na samplaí féideartha ná:

- Caithfidh cúig long a bheith ar an ghreille
- Caithfidh línte ceartingearacha agus cothrománacha a úsáid leis na longa a léiriú
- Ní féidir línte trasnánacha a úsáid
- Caithfidh long amháin ar a laghad cúig phointe comhordanáidí a chlúdach
- Caithfidh dhá long ar a laghad trí phointe comhordanáidí a chlúdach
- Má bhuailtear long faoi dhó, díbrítear é agus caithfidh é a bhaint ón ghreille

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad comhordanáidí Longa __?<br>• Cá mhéad comhordanáid a chlúdaíonn Long ___?<br>• Cén cruth atá le feiceáil ag Pointí ___?<br>• Cá fhad ar dheis atá orm bogadh le Long ___ ar an ghreille a bhaint amach?<br>• Cá fhad atá sé ó Long ___ go Long ___ ar an ghreille? | • Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú nuair a chuir tú do longa ar an ghreille?<br>• Cad iad na cúinsí a d'imir tionchar ar na cineálacha long a chuir tú ar do ghreille?<br>• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú nuair a rinne tú iarracht an áit a raibh longa do charad a shainaithint?<br>• Cad chuige a raibh sé níos fusa/níos deacra roinnt long a chur go tóin poill ná longa eile?<br>• Cad é mar a thig leat an cluiche seo a shocrú sa dóigh go mbeadh sé níos deacra/níos fusa?<br>• Cad é a d'fhoghlaim tú faoi chomhordanáidí ón ghníomhaíocht seo? |

## Difreáil

Socraigh líon long/líon comhordanáidí/treoracha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.